Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2026
(OR. en)

10651/26

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0284(COD)**

**CODEC 1207**
**ENV 754**
**ENT 156**
**MI 653**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2019/1020 agus (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 13 Iúil 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Nollaig 2023[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.

4. An 18 Meitheamh 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[3]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

---

[1] 11888/23 + ADD 1 go 8 + ADD 8 REV 1.
[2] IO C, C/2024/1593, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1593/oj.
[3] 10566/26.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 13/26 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ungáir agus an Ostair ag vótáil ina choinne, agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.